BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

11 Meán Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – Comheagrú an fhíonmhargaidh – Córas Comhphobail um ainmneacha fíona a chosaint – Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 – Airteagal 54 – Fíonta cáilíochta a tháirgtear i réigiúin sonracha (f.c.t.r.s.)– Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 – Airteagal 43(2) agus Airteagal 51 – Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 – Airteagal 118k(2) agus Airteagal 118s – Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 – Airteagal 101(2) agus Airteagal 107 – Cosaint, faoi dhlí an Aontais, do f.c.t.r.s. atá aitheanta faoin dlí náisiúnta – Coinbhleacht idir ainm fíona atá faoi chosaint agus trádmhairc aitheanta níos luaithe ina bhfuil focal atá comhionann leis an ainm sin – Ainm a bhféadfar a bheith míthreorach – Córas idirthréimhseach – Síneadh uathoibríoch na cosanta – Cineál iomlán an chórais cosanta – Deimhneacht dhlíthiúil)

I gCás C-341/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil), trí bhreith an 8 Bealtaine 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 8 Bealtaine 2024, sna himeachtaí

Duca di Salaparuta SpA

v

Ministero dell'Agricoltura, della Sovranità alimentare e delle Foreste,

Consorzio volontario di tutela dei vini DOC Salaparuta,

Baglio Gibellina Srl,

Cantina Giacco Soc. coop. agricola,

Madonna del Piraino Soc. coop. agricola,

idiragraithe:

Botte di Vino di VH & C. Snc,

Baglio San Vito Srl, faoi leachtú,

Romeo Vini di CZ & C. Sas,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin, N. Piçarra, O. Spineanu-Matei agus N. Fenger (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Duca di Salaparuta SpA, ag S. de Bosio, R. Vaccarella, G. Vecchione, avvocati, agus D. Philippe, avocat,

– Consorzio volontario di tutela dei vini DOC Salaparuta, Baglio Gibellina Srl agus Madonna del Piraino Soc. coop. agricola, ag F. Pacciani agus S. Parlatore, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó M. Auciello agus M. Di Benedetto, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa, J. Ramos agus A. Ribeiro de Almeida, advogados,

– an Coimisiún Eorpach, ag L. Di Masi, M. Konstantinidis agus F. Thiran, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 3 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú an fhíonmhargaidh (IO 1999 L 179, lch. 1), ar Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú an fhíonmhargaidh lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1493/1999, (CE) Uimh. 1782/2003, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 3/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2392/86 agus (CE) Uimh. 1493/1999 (IO 2008 L 148, lch. 1), ar Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcás táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair) (IO 2007 L 299, lch. 1) arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 (IO 2009 L 154, lch. 1) (‘Rialachán Uimh. 1234/2007’) agus ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 671).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir na cuideachta Duca di Salaparuta SpA agus an Ministero dell'Agricoltura, della Sovranità alimentare e delle Foreste (an Aireacht Talmhaíochta, Biacheannasachta agus Foraoisí, an Iodáil) agus an Consorzio volontario di tutela dei vini DOC Salaparuta (Cuibhreannas Deonach maidir le Fíonta a Chosaint, DOC Salaparuta, an Iodáil) agus cuideachtaí Baglio Gibellina Srl, Cantina Giacco Soc. coop. agricola, Madonna del Piraino Soc. coop. agricola, Botte di vino di VH & C. snc, Baglio San Vito Srl, faoi leachtú, agus Romeo Vini di CZ & C. Sas, maidir le hiarratas ar neamhní agus/nó neamhbhailíocht chlárú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh an sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Salaparuta,' agus aitheantais faoi dhlí na hIodáile den fhocal 'Salaparuta' mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, ar an bhforas go gcruthaítear leis an ainm agus an ainmniúchán sin baol go mbeidh coinbhleachtaí idir trádmhairc aitheanta níos luaithe a cláraíodh le haghaidh na fíona orthu siúd a bhfuil Duca di Salaparuta ina úinéir dóibh agus ina bhfuil na focail comhionainne san ainm agus ainmniúcháin sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí idirnáisiúnta

Coinbhinsiún Pháras

3 Síníodh Coinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint an 20 Márta 1883 i bPáras, a athbhreithníodh go deireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967 agus a leasaíodh an 28 Meán Fómhair 1979 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 828, Uimh. 11851, lch. 305) ('Coinbhinsiún Pháras'). Tá Ballstáit uile an Aontais ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún seo.

4 Foráiltear le hAirteagal 10a den Choinbhinsiún sin:

'(1) Tá sé de cheangal ar thíortha an Aontais cosaint éifeachtach ar iomaíocht éagórach a áirithiú do shaoránaigh an Aontais.

(2) Aon ghníomh iomaíochta nach bhfuil i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha agus thráchtála, is gníomh iomaíochta éagóraí é.

(3) Beidh toirmeasc ar na nithe seo a leanas go háirithe:

1° gach gníomh de chineál a chruthódh mearbhall trí bhíthin aon mhodh le bunú, táirgí, nó gníomhaíocht thionsclaíoch nó tráchtála iomaitheoir;

[...]

3° faisnéis nó líomhaintí a bhféadfadh a n-úsáid le linn na trádála an pobal a chur amú maidir le cineál, próiseas monaraíochta, saintréithe, oiriúnacht dá bhfeidhm, nó cainníocht na dtáirgí.'

Comhaontú Mhaidrid

5 De réir Airteagal 3a de Chomhaontú Mhaidrid chun cosc a chur ar Fhaisnéis Bhréagach nó Mhíthreorach an 14 Aibreán 1891 arna athbhreithniú an uair dheireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 828, Uimh. 11848, lch. 163, 'Comhaontú Mhaidrid'):

'Geallann na tíortha a bhfuil feidhm ag [Comhaontú Mhaidrid] maidir leo freisin toirmeasc a chur ar úsáid a bhaint, i ndáil le díol, taispeáint nó tairiscint táirgí, as aon fhaisnéis atá de chineál fógraíochta agus a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar an bpobal maidir le tionscnamh na dtáirgí, trína n-áireamh ar chomharthaí, fógraí, sonraisc, liostaí fíona, litreacha gnó nó páipéir ghnó nó ar aon chumarsáid tráchtála eile.'

Comhaontú TRIPS

6 Is éard atá sa Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS'), Iarscríbhinn 1C a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) a síníodh in Marrakech an 15 Aibreán 1994 agus arna formheas le Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 i ndáil le hábhair laistigh dá inniúlacht, maidir le comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála (1986 – 1994) a thabhairt chun críche thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO 1994 L 336, lch. 1). Tá comhaltaí EDT, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais agus an tAontas féin, ina bpáirtithe i gComhaontú TRIPS.

7 Foráiltear in Airteagal 2(1) den Chomhaontú sin, a thagann faoi Chuid I de, an méid seo a leanas:

'Maidir le Codanna II, III agus IV den Chomhaontú seo, comhlíonfaidh na comhaltaí le hAirteagail 1 go 12, agus Airteagal 19, de [Choinbhinsiún Pháras].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 22(1) den Chomhaontú sin, faoi Chuid II de:

'Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn 'tásca geografacha' tásca lena sainaithnítear táirge mar tháirge de thionscnamh críche [Ballstáit], nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair ina chríoch, i gcás ina mbeidh cáilíocht, clú nó saintréith eile áirithe den táirge sin inchurtha go bunúsach i leith an tionscnaimh gheografaigh sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí an Aontais

Rialachán Uimh. 1493/1999

9 Foráiltear le hAirteagal 52(1) de Rialachán 1493/1999:

'Má shannann Ballstát ainm réigiúin shonraithe d'fhíonta cáilíochta a tháirgtear i réigiúin sonracha (f.c.t.r.s.) agus, i gcás inarb iomchuí, d'fhíon atá beartaithe lena phróiseáil go f.c.t.r.s. den sórt sin, ní fhéadfar an t-ainm sin a úsáid chun ainm a thabhairt ar tháirgí earnáil an fhíona nach dtagann ón

réigiún sin agus/nó nár sannadh an t-ainm sin orthu i gcomhréir leis na rialacha Comhphobail agus náisiúnta is infheidhme. [...]

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 54 den Rialachán sin:

'1. Ciallaíonn "fíonta d'ardchaighdeán a tháirgtear i réigiúin sonracha" (f.c.t.r.s) fíonta a chomhlíonann forálacha an Teidil seo agus forálacha an Chomhphobail agus forálacha náisiúnta arna nglacadh i ndáil leis sin.

[...]

4. Cuirfidh na Ballstáit ar aghaidh chuig an gCoimisiún [Eorpach] liosta na f.c.t.r.s. atá aitheanta acu, agus sonróidh siad, i gcás gach ceann de f.c.t.r.s. sin, mionsonraí faoi na forálacha náisiúnta lena rialaítear táirgeadh agus monarú na bhfíonta cáilíochta sin.

5. Foilseoidh an Coimisiún [Eorpach] an liosta sin in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Sraith C.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Dar teideal 'Trádmharcanna' leagtar amach an méid seo a leanas le hIarscríbhinn VII, F, den Rialachán sin:

'[...]

2. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1(b), maidir le dílseánach trádmhairc atá cláraithe d'fhíon nó d'úrfhíon fíonchaor, atá comhionann:

— le hainm aonaid gheografaigh níos lú ná réigiún ar leith a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar f.c.t.r.s., nó

— le hainm aonaid gheografaigh a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhíon boird arna ainmniú le tásc geografach, nó

— le hainm fíona allmhairithe arna ainmniú le tásc geografach,

féadfaidh sé, cé nach bhfuil sé i dteideal ar an ainm sin de bhun an chéad fhomhír de mhír 1, leanúint d'úsáid an trádmharc sin go dtí an 31 Nollaig 2002, ar choinníoll:

(a) a chláraigh údarás inniúil Ballstáit an trádmharc atá i gceist nach déanaí ná an 31 Nollaig 1985 i gcomhréir leis an dlí bailí tráth an chlárúcháin sin; agus

(b) a úsáideadh iarbhír go dtí an 31 Nollaig 1986 gan bhriseadh óna chlárú nó, i gcás a rinneadh an chlárúchán sin roimh an 1 Eanáir 1984, ón dáta sin ar a laghad.

Ina theannta sin, féadfaidh dílseánach trádmhairc aitheanta agus cláraithe d'fhíon nó d'úrfhíon fíonchaor ina bhfuil focail comhionann le hainm réigiúin ar leith nó ainm aonaid gheografaigh níos lú ná réigiún ar leith, fiú mura bhfuil sé i dteideal an ainm sin faoi mhír 1, leanúint den mharc sin a úsáid i gcás ina gcomhfhreagraíonn sé do chéannacht a dhílseánaigh bhunaidh nó an tsoláthraí bunaidh, ar choinníoll go ndearnadh an trádmharc a chlárú ar a laghad 25 bliana sular thug an Ballstát is táirgeoir aitheantas oifigiúil don ainm geografach atá i gceist i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chomhphobail maidir le f.c.t.r.s., agus gur úsáideadh an trádmharc go hiarbhír gan bhriseadh.

Ní fhéadfar na trádmhairc a chomhlíonann na coinníollacha den chéad agus den dara fomhír a agairt in aghaidh úsáid ainmneacha aonaid gheografacha a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar f.c.t.r.s nó fíon boird.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 479/2008

12 Rinneadh Rialachán Uimh. 1493/1999 a aisghairm le Rialachán Uimh. 479/2008. De réir bhrí Airteagal 129(2)(e) de Rialachán Uimh. 479/2008, bhí feidhm ag Caibidil IV de Theideal III den Rialachán sin ón 1 Lúnasa 2009, ach amháin má bhforáiltear a mhalairt leis na forálacha rialála arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 113(1) den Rialachán sin.

13 Luaitear in aithris 5 de Rialachán Uimh. 479/2008 go raibh sé 'iomchuí an córas Comhphobail a bhfuil feidhm aige maidir le hearnáil an fhíona a leasú go bunúsach.'

14 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 36 den Rialachán sin:

'Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart go n-eisiatar ainmniúcháin tionscnaimh agus do thásca geografacha atá ann cheana féin sa Chomhphobal ó chur i bhfeidhm nós imeachta scrúdúcháin eile. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann na sonraí agus na doiciméid fhíor-riachtanacha ar an mbonn a aithníodh na sonrúcháin tionscnaimh agus na tásca geografacha sin ar an leibhéal náisiúnta a tharchur chuig an gCoimisiún, agus dá uireasa sin is iomchuí a gcosaint a tharraingt siar. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart teorainn a chur leis na féidearthachtaí maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha atá ann cheana a chur ar ceal.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Foráiltear le hAirteagal 43(2) den Rialachán sin, dar teideal 'Forais chun cosaint a dhiúltú':

'Ní dhéanfar ainm a chosaint mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásc geografach más rud é, i bhfianaise an chlú agus na cáile atá ar thrádmharc, gur cosúil go gcuirfeadh an chosaint sin an tomhaltóir amú maidir le fíorchéannacht an fhíona.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 46 den Rialachán sin:

‘Bunóidh agus coimeádfaidh an Coimisiún clár leictreonach de na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus na táscanna geografacha faoi chosaint le haghaidh fíona agus beidh rochtain ag an bpobal air.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Déantar an méid seo a leanas a leagan amach le hAirteagal 50 de Rialachán Uimh. 479/2008, dar teideal ‘Cealú’:

‘Féadfar cinneadh a dhéanamh, de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 113(2), ar thionscnamh ón gCoimisiún nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach ar féidir leo leas dlisteanach a léiriú, cosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh a tharraingt siar i gcás nach bhfuil comhlíonadh na sonraíochta táirge comhfhreagraí á ráthú a thuilleadh.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 51 den Rialachán sin, dar teideal ‘Ainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin’:

‘1. Beidh ainmneacha fíonta cosanta go huathoibríoch faoin Rialachán seo, ar ainmneacha iad atá cosanta i gcomhréir le hAirteagail 51 agus 54 de Rialachán [Uimh. 1493/1999] agus le hAirteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 753/2002 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2002 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe áirithe maidir le táirgí áirithe d'earnáil an fhíona a shainmhíniú, a thuairisciú, a thíolacadh agus a chosaint (IO 2002 L 118, lch. 1)]. Liostóidh an Coimisiún iad sa chlár dá ndéantar foráil in Airteagal 46 den Rialachán seo.

[…]

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 50 maidir le hainmneacha cosanta fíonta atá ann cheana agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Go dtí an 31 Nollaig 2014 féadfar, ar thionscnamh ón gCoimisiún agus de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 113(2), gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint ainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mura gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 34.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

19 Rinneadh Rialachán Uimh. 479/2008 a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcás táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair) (IO 2009 L 154, lch. 1) lena leasaítear an Rialachán maidir le CEM Aonair, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2009.

20 Foráiltear leis an dara fomhír d'Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 491/2009 go ndéanfar na tagairtí don Rialachán aisghairthe, eadhon Rialachán Uimh. 479/2008, a thuiscint mar thagairtí do Rialachán Uimh. 1234/2007 agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil faoi seach a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII den Rialachán sin.

Rialachán Uimh. 1234/2007

21 Rinneadh Rialachán Uimh. 479/2008 a ionchorprú le Rialachán Uimh. 1234/2007, de bhun Rialachán Uimh. 491/2009 agus le héifeacht ón 1 Lúnasa 2009.

22 Foráiltear le hAirteagal 118k(2) de Rialachán Uimh. 1234/2007, dar teideal 'Forais shonracha le cosaint a dhiúltú':

'Ní dhéanfar ainm a chosaint mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásc geografach más rud é, i bhfianaise an chlú agus na cáile atá ar thrádmharc, gur cosúil go gcuirfeadh an chosaint sin an tomhaltóir amú maidir le fíorchéannacht an fhíona.'

23 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 118n den Rialachán sin:

'Bunóidh agus coimeádfaidh an Coimisiún clár leictreonach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint i gcomhair fíona agus beidh rochtain ag an bpobal air.'

24 Foráiltear le hAirteagal 118r den Rialachán sin, dar teideal 'Cealú':

'Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh [...] cosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh a chealú mura n-áirithítear go gcomhlíontar an tsonraíocht táirge comhfhreagrach a thuilleadh.

[...]'

25 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 118s den Rialachán sin, dar teideal 'Ainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin':

'1. Ainmneacha fíonta dá dtagraítear in Airteagail 51 agus 54 de Rialachán [Uimh. 1493/1999] agus in Airteagal 28 de Rialachán [Uimh. 753/2002], beidh siad cosanta go huathoibríoch faoin Rialachán seo. Liostóidh an Coimisiún iad sa chlár dá ndéantar foráil in Airteagal 118n den Rialachán seo.

[...]

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 118r maidir le hainmneacha cosanta fíonta atá ann cheana agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Go dtí an 31 Nollaig 2014 féadfar, ar thionscnamh ón gCoimisiún agus de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 195(4), gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint ainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo mura gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 118b.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 1308/2013

26 De réir an chéad fhomhír d'Airteagal 230(1) de Rialachán Uimh. 1308/2013, aisghairtear Rialachán Uimh. 1234/2007, seachas na forálacha a mbeidh feidhm fós acu, de bhun an dara fomhír d'Airteagal 230(1), (2) agus (3) de Rialachán Uimh. 1308/2013. Leanann sé ón dara fomhír d'Airteagal 232(1) den Rialachán sin go mbeidh feidhm ag an Rialachán sin ón 1 Eanáir 2014, gan dochar do na forálacha speisialta a leagtar síos le hAirteagal 232.

27 Foráiltear le hAirteagal 101(2) de Rialachán 1308/2013:

'Ní dhéanfar ainm a chosaint mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásc geografach más rud é, i bhfianaise an chlú agus na cáile atá ar thrádmharc, go bhféadfadh an chosaint sin an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an fhíona.'

28 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 104 den Rialachán sin:

'Bunóidh agus coimeádfaidh an Coimisiún clár leictreonach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint i gcomhair fíona agus beidh rochtain ag an bpobal air. [...]'

29 Foráiltear don mhéid a leanas in Airteagal 106 den Rialachán sin:

'Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, cinneadh a dhéanamh, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint sonrúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh a chealú mura n-áirithítear go gcomhlíontar an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach a thuilleadh.

[...]

30 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 107(1) agus (3) den Rialachán sin:

'1. Ainmneacha fíonta dá dtagraítear in Airteagail 51 agus 54 de Rialachán [Uimh. 1493/1999] agus in Airteagal 28 de Rialachán [Uimh. 753/2002], beidh siad cosanta go huathoibríoch faoin Rialachán seo. Liostóidh an Coimisiún iad sa chlár dá ndéantar foráil in Airteagal 104 den Rialachán seo.

[...]

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 106 maidir le hainmneacha cosanta fíonta atá ann cheana agus dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Go dtí an 31 Nollaig 2014 féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcealófar cosaint ainmneacha fíonta cosanta atá ann cheana féin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo [a] mura gcomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 93.

[...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

31 Is cuideachta fíonsaothrúcháin é Duca di Salaparuta, a bunaíodh sa tSicil (an Iodáil), ar leis roinnt trádmharcanna Aontais agus náisiúnta, a bhfuil an focal 'Salaparuta' i roinnt acu.

32 An 13 Iúil 1989, cláraíodh an comhartha 'Salaparuta' mar thrádmharc náisiúnta (Uimh. 511337). An 25 Deireadh Fómhair 2000, cláraíodh an comhartha sin freisin mar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh mar fhocalmharc de tháirgí in Aicme 33 de Chomhaontú Nice a Bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Táirgí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna an 15 Meitheamh 1957, arna athbhreithniú agus arna leasú (deochanna alcólacha). Rinneadh na marcanna sin a athnuachan ó shin.

33 Ní bhaineann margú fíonta faoi thrádmharcanna Salaparuta le bardas Salaparuta (an Iodáil) sa tSicil. Tá Duca di Salaparuta bunaithe lasmuigh den bhardas sin agus ní thagann na fíonchaora a úsáidtear ón mbardas sin.

34 Leis an decreto 'Riconoscimento della denominazione di origine controllata dei vini 'Salaparuta' e approvazione del relativo disciplinare di produzione' (Foraithne 'Aitheantas a Thabhairt do Shonrúchán tionscnaimh cláraithe 'Salaparuta' agus formheas na sonraíochta ábhartha') (GURI Uimh. 42 an 20 Feabhra 2006), aithnítear, ar an leibhéal náisiúnta, an sonrúchán tionscnaimh cláraithe 'Salaparuta' ('Salaparuta DOC'), atá beartaithe chun sraith fíonta a tháirgtear ó fhíonchaora atá lonnaithe ar thalamh laistigh de theorainneacha críochacha bhardas Salaparuta a ainmniú agus a chosaint.

35 Leathnaíodh cosaint na bhfíonta sin ina dhiaidh sin ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, is léir ó na doiciméid atá ar fáil don Chúirt, i gcomhréir le hAirteagal 54(4) de Rialachán Uimh. 1493/1999, gur fhoilsigh an Coimisiún liosta de f.c.t.r.s, ina bhfuil an DOC 'Salaparuta', an 8 Lúnasa 2009 in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* (IO 2009 C 187, lch. 1) agus gur iontráladh an DOC sin, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2009, sa chlár leictreonach um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFC) agus um thásca geografacha faoi chosaint (TGFC) le haghaidh fíonta, mar STFC PDO-IT-A0795 ('STFC Salaparuta').

36 An 8 Feabhra 2016, thug Duca di Salaparuta caingean os comhair Tribunale di Milano (an Chúirt Dúiche Milano, an Iodáil) ag iarraidh, *inter alia*, go ndéanfaí STFC 'Salaparuta' agus DOC 'Salaparuta' a chealú nó a neamhbhailíochtú, ar an bhforas go bhfuil na hainmneacha sin míthreorach agus, in aon chás, go gcuireann siad isteach ar an trádmharc Salaparuta, atá cláraithe le haghaidh fíona agus ina bhfuil focal atá comhionann leis na hainmneacha sin, agus le marcanna eile arb í an chuideachta sin a dhílseánach, ina bhfuil an focal céanna, agus a mheasann sí a bheith aitheanta.

37 Le breithiúnas an 16 Feabhra 2021, dhiúltaigh an chúirt sin don chaingean sin ar an bhforas gur ghá an choinbhleacht idir an t-ainm cosanta 'Salaparuta' agus trádmharc níos luaithe an ainm chéanna a réiteach ar bhonn an riail maidir le tosaíocht an ainm faoi chosaint thar an marc sin, gan dochar don fhéidearthacht atá ag dílseánach an trádmhairc sin leanúint d'úsáid a bhaint as faoi choinníollacha áirithe.

38 Rinne Duca di Salaparuta achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano, an Iodáil), a sheas leis an mbreithiúnas ag an gcéad chéim le breithiúnas an 5 Bealtaine 2023. Chinn an chúirt sin, go bunúsach, gur deonaíodh cosaint go

huathoibríoch d'ainmneacha fíonta a chosnaítear faoi fhorálacha Rialachán Uimh. 1493/1999 trí aitheantas a thabhairt do STFC ar leibhéal an Aontais. Tháinig an chúirt sin ar an gconclúid gur cheart an choinbhleacht idir an DOC 'Salaparuta' agus an trádmharc níos luaithe ina bhfuil focal atá comhionann leis an ainm sin a réiteach ar bhonn Rialachán Uimh. 1493/1999, go háirithe F(2)(b) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis, a bhí i bhfeidhm ar an dáta a aithníodh an t-ainm fíona faoi chosaint sin ar an leibhéal náisiúnta. Leis an Iarscríbhinn sin, bunaíodh critéar maidir le tosaíocht an ainm faoi chosaint thar an trádmharc sin, gan dochar don fhéidearthacht go leanfadh dílseánach an trádmhairc sin, faoi choinníollacha áirithe, den trádmharc sin a úsáid.

39 Rinne Duca di Salaparuta achomharc ar phointe dlí i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, ag maíomh, go bunúsach, nach rialaítear coinbhleachtaí den sórt sin le Rialachán Uimh. 1493/1999.

40 Áitíonn Duca di Salaparuta ina leith sin, murab ionann agus cinntí na cúirte achomhairc, trína foilsiú, gur tháinig STFC 'Salaparuta' in ionad DOC an ainm chéanna. Ag féachaint do dháta éifeachta iontráil STFC 'Salaparuta' i gclár E-Bacchus, eadhon an 1 Lúnasa 2009, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008, nó ag Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007, nó ag Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013. Cuireann na forálacha sin bac ar chosaint ainm i gcás ina bhféadfaí tomhaltóirí a chur amú maidir le céannacht an fhíona atá i gceist, i bhfianaise cháil agus chlú trádmhairc níos luaithe. Thairis sin, áitíonn sé, ag féachaint do na coinníollacha a leagtar síos sa dara fomhír de F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999, go gcuirfí cosc air úsáid a bhaint as trádmharc Salaparuta arb é a dhílseánach é, fiú dá mbeadh feidhm ag an gcóras comhaireachtála a leagtar síos san fhoráil sin.

41 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, gur gá an córas cosanta is infheidhme a chinneadh i gcás ina bhfuil coinbhleacht ann, ar thaobh amháin, idir trádmharcanna aitheanta, a cláraíodh le linn na bliana 1989, agus, ar an taobh eile, ainm fíona, a chosnaítear ar an leibhéal náisiúnta le linn na bliana 2006, ina bhfuil focal atá comhionann leis an bhfocal atá sna marcanna sin, agus ina dhiaidh sin foilsiú agus clárú an ainm sin ar leibhéal an Aontais le linn na bliana 2009.

42 I ndáil leis sin, fiafraíonn an chúirt sin an iomchuí a mheas go leantar d'éifeachtaí DOC 'Salaparuta' agus, dá bhrí sin, go bhfuil feidhm ag forálacha an dara fomhír de F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999, nó an gá a mheas, mar mhalairt air sin, gur cuireadh aitheantas STFC 'Salaparuta' ina hionad ar leibhéal an Aontais, agus dá bhrí sin gur cheart forálacha Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008 a chur i bhfeidhm, nó na forálacha coibhéiseacha in Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007 nó in Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013, a bhaineann leis na forais le diúltú do chosaint ainm i gcás inar dócha, i bhfianaise clú agus cáil trádmhairc níos luaithe, go gcuirfí an tomhaltóir amú leis an gcosaint maidir le fíorchéannacht an fhíona atá i gceist.

43 Ar an dara dul síos, i gcás ina bhfuil feidhm ag Rialachán Uimh. 1493/1999, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an córas cosanta dá bhforáiltear leis an Rialachán sin iomlán, sa mhéid go gcumhdaítear leis gach cás comhaireachtála idir comharthaí éagsúla, lena n-áirítear go háirithe ainmneacha fíonta cosanta, nó an féidir an choinbhleacht idir marc aitheanta fíona agus ainm cosanta a deonaíodh ina dhiaidh sin, lena n-áirítear focal atá comhionann leis an marc sin, a réiteach ar bhonn an phrionsabail ghinearálta nár cheart sainchomharthaí a bheith míthreorach.

44 Sna himthosca sin, chinn an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomhairc Deiridh) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt:

‘(1) An bhfuil cláraithe STFC-TGFC, in earnáil an fhíona, de shonrúcháin a bhí ann roimh Rialachán 1234/2007, ar cuireadh Rialachán 1308/2013 ina ionad ina dhiaidh sin, amhail, go háirithe, [STFC “Salaparuta”] an 8 Lúnasa 2009, faoi réir ag an bhforas le diúltú a tharla mar gheall ar thrádmharc níos luaithe a d’fhéadfadh, mar gheall ar a chlú agus a cháil, an STFC-TGFC i dtrácht a dhéanamh mealltach (“go bhféadfadh an chosaint sin an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an fhíona”), in Airteagal 43[(2)], Rialachán [Uimh. 479/2008], recte [in Airteagal] 118k Rialachán 1234/2007 (in Airteagal 101[(2)]] de Rialachán [1308]/2013 ina dhiaidh sin), lena n-eisiatar cosaint ar STFC nó TGFC, nuair is dócha go gcuirfidh an t-ainm atá i gceist an tomhaltóir amú, “i bhfianaise an chlú agus na cáile atá ar thrádmharc”, nó an bhfuil an riail thuasluaite infheidhme maidir le hainmneacha a bhfuil cosaint náisiúnta acu cheana roimh chlárú san Aontas Eorpach, i gcur i bhfeidhm phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla (breithiúnas an 22 Nollaig 2010, *Bavaria*, C-120//08 EU:C:2010:798), dá réir a bhfuil staid fhíorasach, mar riail ghinearálta, mura bhforáiltear go sainráite dá mhalairt, le measúnú i bhfianaise na rialacha dlí a bhí i bhfeidhm an tráth a d’eascair sé, agus an reachtaíocht rialála níos luaithe á cur i bhfeidhm dá réir sin, mar atá leagtha amach i Rialachán [Uimh. 1493/1999] agus réiteach na coinbhleachta idir an sonrúchán tionscnaimh agus an trádmharc níos luaithe ar bhonn fhorálacha na reachtaíochta sin, [in Iarscríbhinn VII, F(2)] a ghabhann leis an Rialachán sin?

(2) Más rud é go ndearbhaítear le freagra na chéad cheiste an cur i bhfeidhm is gá, maidir leis an staid fhíorasach atá i gceist sa chás seo, de Rialachán Uimh. 1493/1999, (...) an ídíonn na rialacha atá leagtha síos in Iarscríbhinn [Iarscríbhinn VII F,] a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999, na hipitéisí go léir a bhaineann le cómhaireachtáil idir [TGCF] ainmneacha fíona, nó an bhfanann siad in aon chás ina hipitéis easláine nó neamh-inchosanta STFC nó TGFC níos déanaí, i gcás inar dócha go gcuirfeadh an tásc geografach an pobal amú maidir le fíorchéannacht an fhíona mar gheall ar cháil trádmhairc níos luaithe, de bhua phrionsabal ginearálta neamh-mealltachta na sainchomharthaí?’

An iarraidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt

45 Le doiciméid arna dtaisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 14 agus an 28 Aibreán 2025, faoi seach, d’iarr Duca di Salaparuta ar an gCúirt Bhreithiúnais a ordú go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, de bhun Airteagal 83 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

46 Chun tacú lena iarraidh, áitíonn sé, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, ina Thuairim, gur bhraith an tAbhcóide Ginearálta ar ghnéithe míchearta fíorasacha agus dlíthiúla chun na ceisteanna a iarradh a fhreagairt agus, dá bhrí sin, gur thug sé argóintí isteach nár pléadh idir na páirtithe. Ar an dara dul síos, áitíonn Duca di Salaparuta go sáraítear le héagmais éisteachta os comhair na Cúirte, in ainneoin a iarrata, ina leith sin, a cheart chun éisteacht phoiblí a fháil, a leagtar amach in Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950.

47 Faoi Airteagal 83 dá Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú go n-atosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh páirtí fíoras nua a mbeidh

a chineál ina thoisc chinntitheach ar bhreith na Cúirte Bhreithiúnais nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

48 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach féidir le hábhar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta ann féin a bheith ina fhíoras nua, seachas sin, d'fhéadfadh na páirtithe, trí fhíoras den sórt sin a agairt, freagra a thabhairt ar na Tuairimí sin. Ní féidir leis na páirtithe Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a phlé. Dá bhrí sin, bhí an deis ag an gCúirt Bhreithiúnais a chur i bhfios go láidir gurb é ról an Abhcóide Ghinearálta, i gcomhréir le hAirteagal 252 CFAE, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte, ag gníomhú di le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, ar chásanna ina n-éilítear, i gcomhréir le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go mbeadh an tAbhcóide Ginearálta rannpháirteach chun cabhrú leis an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhlíonadh an chúraim a shanntar di, is é sin chun a áirithiú, agus na Conarthaí á léiriú agus á gcur i bhfeidhm, go gcomhlíonfar an dlí. De bhun an cheathrú mír d'Airteagal 20 den Reacht sin agus Airteagal 82(3) de na Rialacha Nós Imeachta, cuirtear deireadh leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta. Ní cuid de na himeachtaí idir na páirtithe í an Tuairim, ach osclaíonn sí céim an phlé ag an gCúirt. Dá bhrí sin, ní tuairim í a dhírítear ar bhreithiúna ná ar pháirtithe a thagann ó údarás atá lasmuigh den Chúirt Bhreithiúnais, ach tuairim réasúnaithe an duine aonair atá ann, arna tabhairt i gcúirt oscailte, ag comhalta den Chúirt Bhreithiúnais (breithiúnas an 8 Bealtaine 2025, *Beevers Kaas*, C-581/23, EU:C:2025:323, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Sa chás seo, cinneann an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach nochtar leis na heilimintí a chuir Duca di Salaparuta ar aghaidh aon fhíoras nua a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar an gcinneadh a iarrtar uirthi a thabhairt sa chás seo agus nach gá an cinneadh sin a dhéanamh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe nó na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I ndairíre, déanann Duca di Salaparuta cáineadh ar bhunús shleachta áirithe de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta, nach bhféadfadh údar a thabhairt lena iarraidh maidir leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt. Thairis sin, tá na heilimintí go léir is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais, ag clabhsúr na gcodanna i scríbhinn agus ó bhéal den nós imeachta, agus dá bhrí sin, tá dóthain faisnéise aici chun rialú a dhéanamh.

50 Ar an dara dul síos, ba cheart a mheabhrú nach gcuirtear oibleagáid iomlán le hAirteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ná le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh éisteacht phoiblí a thionól agus ní cheanglaítear leis na gníomhartha sin éisteacht i ngach nós imeachta. Is amhlaidh an cás go háirithe nuair nach n-ardaíonn an cás ceisteanna fíorais nó dlíthiúla nach bhféadfar a réiteach go leordhóthanach ar bhonn an chomhaid agus na barúlacha i scríbhinn ó na páirtithe. Foráiltear go sonrach le hAirteagal 76(2) de Rialacha Nós Imeachta go bhféadfaidh an Chúirt a chinneadh gan éisteacht a thionól i gcás ina measfaidh sí, tar éis pléadálacha i scríbhinn nó na n-aighneachtaí i scríbhinn a thaiscfear le linn an chuid i scríbhinn den nós imeachta a léamh, go bhfuil dóthain faisnéise aici chun rialú a dhéanamh (féach, mar shampla, breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Euro Box Promotion agus páirtithe eile*, C-357/19, C-379/19, C-547/19, C-811/19 agus C-840/19, EU:C:2021:1034, míreanna 123 agus 124 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 I bhfianaise an mhéid sin thuas, ní gá an iarraidh an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt a cheadú.

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

52 Caitheann Rialtas na hIodáile amhras ar inniúlacht na gcúirteanna náisiúnta chun díospóid a chinneadh ina bhfuil ceist maidir le bailíocht ghnímh de chuid dhlí an Aontais i gceist, agus é ag maíomh, i gcás a bhfuil Duca di Salaparuta ag iarraidh go ndéanfaí clárú STFC 'Salaparuta' a chealú nó a neamhbhailíochtú, agus gníomh an Aontais é, gur faoi chúirteanna an Aontais a bheadh an inniúlacht clárú den sórt sin a chur ar neamhní de bhun Airteagal 263 CFAE.

53 Ina theannta sin, maíonn an Rialtas sin nár tugadh agóid riamh maidir le DOC 'Salaparuta' os comhair na cúirteanna náisiúnta, cé gur cuireadh Duca di Salaparuta ar an eolas faoin nós imeachta aitheantais náisiúnta agus gur iarradh air a bharúlacha a chur isteach sa chomhthéacs sin.

54 Dá bhrí sin, féachtar leis na héilimh sin, go bunúsach, le hinghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú a cheistiú.

55 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nach féidir a mheas go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ag baint le foilsiú liosta ainmneacha na bhfíona cosanta in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, de bhun Airteagal 54(4) agus (5) de Rialachán Uimh. 1493/1999, mar aon le clárú lárnach leictreonach STFC agus TGFC a bhaineann le fíonta, de bhun Airteagal 51(1) de Rialachán Uimh. 479/2008 i bhfianaise chineál uathoibríoch na cosanta ar ainmneacha fíonta cosanta, agus, dá bhrí sin, nach féidir a mheas mar ghníomhartha ar féidir agóid a dhéanamh ina gcoinne, de réir bhrí Airteagal 263 CFAE.

56 Go deimhin, chinn an Chúirt, go bunúsach, nach féidir a mheas, i gcomhréir le hAirteagal 54(5) de Rialachán Uimh. 1493/1999, maidir le hiontráil an Choimisiúin i gclár leictreonach na STFCanna agus na TGFCanna a bhaineann le fíonta i ndáil le hainmneacha fíonta arna gcosaint ag na Ballstáit mar shonrúcháin tionscnaimh roimh an 1 Lúnasa 2009, go bhfuil sé beartaithe éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha a bheith aici ar saintréithe iad de na gníomhartha ar féidir agóid a dhéanamh ina gcoinne (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Feabhra 2014, *an Ungáir v an Coimisiún*, C-31/13 P, EU:C:2014:70, mír 63).

57 Dá bhrí sin, ní féidir Duca di Salaparuta a cháineadh toisc nár thug sé caingean i gcoinne STFC 'Salaparuta' go díreach os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh.

58 Ina theannta sin, sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 41 dá Thuairim, tá an tarchur chun réamhrialú bunaithe ar idirphlé idir cúirt amháin agus cúirt eile, a mbraitheann a thionscnamh go hiomlán ar mheasúnú na cúirte náisiúnta ar ábharthacht agus riachtanas an tarchuir sin (breithiúnais an 12 Feabhra 2008, *Kempter*, C-2/06, EU:C:2008:78, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 16 Iúil 2015, *Diageo Brands*, C-681/13, EU:C:2015:471, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear). Cé gur fíor nach féidir ach leis an gCúirt a dhearbhú go bhfuil gníomh de chuid institiúidí an Aontais ar neamhní, is amhlaidh fós, sa chás seo, i gcomhthéacs a tarchuir chun réamhrialú maidir le léiriú, nach n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais ach amháin creat dlíthiúil an Aontais is infheidhme maidir le coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir ainm fíona faoi chosaint agus trádmharc aitheanta níos luaithe a cláraíodh le haghaidh fíona, ina bhfuil focal atá comhionann leis an ainm sin, a leagan síos.

59 Ar an taobh eile, is faoin gcúirt a rinne an tarchur, seachas faoin gCúirt Bhreithiúnais, atá sé measúnú a dhéanamh ar an éifeacht ar an díospóid sna príomhimeachtaí a bhaineann le hagóid a d'fhéadfadh Duca di Salaparuta a bheith in easnamh ina choinne, ar dháta aitheantais DOC 'Salaparuta.' In aon chás, ní féidir le mainneachtain den sórt sin cosc a chur ar an gcúirt a rinne an tarchur an cheist a chur faoi bhráid na Cúirte, i gcomhthéacs tarchur chun réamhrialú maidir le léiriú, chun creat dlíthiúil an Aontais is infheidhme maidir le coinbhleacht amhail an ceann dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo a chinneadh.

60 Is léir ón méid sin roimhe seo go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

61 Lena ceisteanna, nach mór iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 51 de Rialachán Uimh. 479/2008, Airteagal 118s de Rialachán Uimh. 1234/2007 agus Airteagal 107 de Rialachán Uimh. 1308/2013 le léiriú sa chaoi nach bhfuil Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008, Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007 agus Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013 infheidhme maidir le coinbhleacht idir ainm fíona atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999 agus trádmharcanna aitheanta níos luaithe a cláraíodh d'fhíonta a bhfuil focail atá comhionann leis an ainm sin iontu, nó ar cheart an coinbhleacht sin a rialú ar bhonn an dara fomhír d'Iarscríbhinn VII, F(2) den Rialachán deireanach.

62 Ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús go ndearnadh f.c.t.r.s. a shainmhíniú le hAirteagal 54(1) de Rialachán Uimh. 1493/1999 mar fhíonta a chomhlíonann forálacha Theideal VI den Rialachán sin agus forálacha an Chomhphobail agus forálacha náisiúnta arna nglacadh ina leith sin.

63 Foráiltear le hAirteagal 54(4) agus (5) den Rialachán sin do chosaint faoi dhlí an Aontais do f.c.t.r.s. a aithnítear faoin dlí náisiúnta. Go háirithe, foráladh le hAirteagal 54(4) den Rialachán sin go gcuirfeadh na Ballstáit in iúl don Choimisiún liosta na f.c.t.r.s. a d'aithin siad, lena léirítear, i gcás gach ceann de na fíonta cáilíochta sin, tagairt do na forálacha náisiúnta lena rialaítear próiseas déanta fíona. De bhun Airteagal 54(5), d'fhoilsigh an Coimisiún an liosta sin i sraith C *d'Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*.

64 Sa chás seo, tagann an DOC 'Salaparuta' faoi chatagóir na f.c.t.r.s faoi Airteagal 54(1) de Rialachán Uimh. 1493/1999. Thairis sin, mar is léir ón gcomhad atá ar fáil don Chúirt, tugadh fógra don Choimisiún maidir le liosta na bhfíonta sin agus foilsíodh é, de bhun Airteagal 54(5) den Rialachán sin, an 8 Lúnasa 2009, i sraith C den *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* mar STFC 'Salaparuta' (IO 2009 C 187, lch. 1).

65 De réir Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1493/1999, ní fhéadfaí ainm an réigiúin a chuirtear i leith f.c.t.r.s. a úsáid chun tuairisc a thabhairt ar tháirgí earnáil an fhíona nach de thionscnamh an réigiúin sin iad agus/nó nár sannadh an t-ainm sin dóibh i gcomhréir leis na rialacha Comhphobail agus náisiúnta is infheidhme. Bheadh an rud céanna i bhfeidhm dá ndéanfadh Ballstát, *inter alia*, ainm bardais a shannadh do f.c.t.r.s.. Dá bhrí sin, leagadh síos leis an bhforáil sin riail arb é is aidhm di ainmneacha geografacha a chosaint ar úsáid na dtéarmaí dá bhfuil siad comhdhéanta d'aon chomhartha eile.

66 Maidir le coinbhleacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir ainm cosanta den sórt sin agus trádmharc aitheanta níos luaithe ina bhfuil focail atá comhionann leis an ainm sin, foráladh leis an dara fomhír de F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999, go bhféadfaí coinbhleacht den sórt sin a réiteach, de bhun córas comhaireachtála idir an t-ainm sin agus an trádmharc sin.

67 Go háirithe, d'eascair sé as an bhforáil sin go bhféadfadh dílseánach trádmhairc aitheanta agus cláraithe le haghaidh fíona nó úrfhíona fíonchaor ina bhfuil focail atá comhionann le hainm réigiúin ar leith leanúint den mharc sin a úsáid i gcás ina raibh sé ag freagairt d'aitheantas a dhílseánaigh bunaidh nó an tsoláthraí bunaidh, ar choinníoll go ndearnadh an trádmharc sin a chlárú 25 bliana ar a laghad sular thug an Ballstát is táirgeoir aitheantas oifigiúil don ainm geografach atá i gceist, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chomhphobail maidir le f.c.t.r.s., agus ar choinníoll gur úsáideadh an trádmharc go hiarbhír gan bhriseadh. Thairis sin, luadh sa tríú fomhír de F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999 nach bhféadfaí brath ar na marcanna sin i gcoinne úsáid ainmneacha na n-aonad geografach a úsáidtear, *inter alia*, chun f.c.t.r.s. a ainmniú.

68 Dá bhrí sin, cumhdaítear leis an dara agus an tríú fomhír de F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999 tosaíocht ainm fíona atá faoi chosaint thar thrádmharcanna aitheanta níos luaithe ina bhfuil focail atá comhionann leis an ainm sin, trí úsáid leanúnach na marcanna sin a údarú, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin.

69 Sa chás seo, ós rud é, mar is léir ón ordú tarchuir, gur aithníodh DOC 'Salaparuta' an 8 Feabhra 2006, eadhon faoi Rialachán Uimh. 1493/1999, agus go raibh an t-ainm fíona faoi chosaint ag freagairt do f.c.t.r.s., de réir bhrí Airteagal 54(1) den Rialachán sin, ní mór coinbhleacht idir ainm den sórt sin agus trádmharcanna aitheanta níos luaithe a cláraíodh le haghaidh fíonta, ina bhfuil focail atá comhionann leis an ainm sin, a shocrú ar bhonn fhorálacha an Rialacháin sin agus, go háirithe, ar bhonn F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis. Ina theannta sin, tacaítear leis an gconclúid sin leis an tagairt shainráite d'Airteagal 54(4) agus (5) den Rialachán sin nuair a tugadh fógra faoin DOC 'Salaparuta' agus nuair a foilsíodh é in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, dá dtagraítear i mír 64 den bhreithiúnas seo.

70 Mar sin féin, bhí Duca di Salaparuta ag brath, os comhair na gcúirteanna náisiúnta agus ina bharúlacha os comhair na Cúirte, ar chur i bhfeidhm Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008, Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007, nó Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013. Measann sé, a mhéid a foilsíodh clárú nua STFC 'Salaparuta' an 8 Lúnasa 2009, go bhfuil na rialacha nua sin infheidhme maidir leis an gcoinbhleacht atá i gceist sna príomhimeachtaí. Sna himthosca sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt faoi thionchar na bhforálacha chun coinbhleacht den sórt sin a réiteach.

71 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara ar dtús, leis na trí forálacha a luaitear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, go ndearna reachtóir an Aontais foráil nach bhfuil aon ainm le cosaint mar shonrúchán tionscnaimh nó mar thásc geografach más rud é, i bhfianaise clú agus cáil trádmhairc, gur dócha go gcuirfeadh cosaint an tomhaltóir amú maidir le fíorchéannacht an fhíona atá i gceist.

72 Thairis sin, ní mór a lua, mar a leagtar síos in aithris 5 de Rialachán Uimh. 479/2008, gur leasaíodh scéim an Aontais a bhfuil feidhm aige ar hearnáil na fíona leis an Rialachán sin, go bunúsach chun na cuspóirí maidir le cáilíocht na bhfíonta go háirithe, a bhaint amach. Leasaítear agus aisghairtear an Rialachán sin le Rialachán Uimh. 1493/1999 agus bhí feidhm aige ón 1 Lúnasa 2009.

73 Cé gur fíor go gcuirtear aon iarratas ar chosaint ainm fíona faoi réir mionscrúdú a dhéantar i dhá chéim leis an gcóras nua cosanta ainmneacha, eadhon ar an leibhéal náisiúnta agus ina dhiaidh sin ar leibhéal an Aontais, tá fíorchumhacht chinnteoireachta ag an gCoimisiún lena gcuirtear ar a chumas cosaint a dheonú nó a dhiúltú don sonrúchán tionscnaimh nó don tásc geografach (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Feabhra 2014, *an Ungáir* v *an Coimisiún*, C-31/13 P, EU:C:2014:70, mír 74), ní hamhlaidh atá, áfach, maidir le hainmneacha fíonta atá cosanta cheana féin faoi Airteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999.

74 Go deimhin, i gcomhréir leis an bhforáil sin, sheol na Ballstáit liosta chuig an Coimisiún de na f.c.t.r.s a d'aithin siad, agus léirigh siad, i gcás gach ceann acu, an tagairt do na forálacha náisiúnta lena rialaítear a próiseas déanta fíona. Ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 54(5) den Rialachán sin, agus gan scrúdú sa bhreis ar bith ón gCoimisiún, tá an Coimisiún teoranta chun an liosta sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Sraith C.

75 Maidir leis an gcóras idirthréimhseach dá bhforáiltear in Airteagal 51(1) de Rialachán Uimh. 479/2008, cosnaítear na hainmneacha a bhfuil cosaint acu i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999 'go huathoibríoch' de bhun Rialachán Uimh. 479/2008. Ina theannta sin, sonraítear le hAirteagal 51 go ndéanfadh an Coimisiún na hainmneacha sin a iontráil sa chlár leictreonach de STFCanna agus TGFCanna a bhaineann le fíonta a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

76 Mar a léirítear in aithris 36 de Rialachán Uimh. 479/2008, ba é cuspóir an chórais idirthréimhsigh dá bhforáiltear in Airteagal 51(1) den Rialachán sin sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a bhí ann cheana san Aontas Eorpach a eisiamh ó chur i bhfeidhm an nós imeachta scrúdúcháin nua, agus teorainn a chur leis na féidearthachtaí chun na sonrúcháin agus na tásca sin a chealú, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla. (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Feabhra 2014, *an Ungáir* v *an Coimisiún*, C-31/13 P, EU:C:2014:70, mír 57).

77 Ráthaíodh an chosaint uathoibríoch céanna faoi Airteagal 118s de Rialachán Uimh. 1234/2007 arb é is aidhm dó, ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, cosaint ainmneacha na fíona roimh an 1 Lúnasa 2009 sa dlí náisiúnta agus, ar an gcaoi sin, ar leibhéal náisiúnta an Aontais de bhun Airteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999 a choinneáil ar bun (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Feabhra 2014, *an Ungáir* v *an Coimisiún*, C-31/13 P, EU:C:2014:70, míreanna 56 agus 58).

78 Dheimhnigh an reachtóir arís an córas uathoibríoch céanna cosanta d'ainmneacha fíonta a chosnaítear i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999 in Airteagal 107 de Rialachán Uimh. 1308/2013, lena ndearnadh Rialachán Uimh. 1234/2007 a aisghairm, gan dochar do chur i bhfeidhm forálacha áirithe de, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

79 Sa chás seo, fágann sé sin, i bhfianaise chineál uathoibríoch an chórais chosanta dá bhforáiltear le Rialacháin Uimh. 479/2008, Uimh. 1234/2007 agus Uimh. 1308/2013, nach mór ainm amhail STFC 'Salaparuta', ar tugadh fógra ina leith agus a foilsíodh i sraith C d'*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, le tagairt shainráite d'Airteagal 54(4) agus (5) de Rialachán Uimh. 1493/1999, a mheas mar leathnú ainm an fhíona a chosnaítear ar an leibhéal náisiúnta, agus ní mar thoradh ar chlárú nua.

80 Ina theannta sin, tacaítear le léiriú den sórt sin, mar a d'áitigh an Coimisiún ina bharúlacha, trí fhorbairt na rialacha lena rialaítear cosaint ainmneacha fíonta. Dá bhrí sin, glacadh reachtaíocht an Aontais ag céimeanna leantacha lena bhforáiltear do chóras chun tásca geografacha a aithint agus a chosaint in earnáil an fhíona. Sonraíonn an Coimisiún, agus an ceart aige, go raibh

rialacha bunúsacha i Rialachán Uimh. 1493/1999 nach raibh mionsonraithe agus nach raibh ailínithe le córas na dtásc geografach atá i bhfeidhm cheana féin in earnáil an bhia, ós rud é go raibh na rialacha sin mar chuid d'idirthréimhse idir an chosaint a thugann na Ballstáit agus an chosaint a dheonaítear ar leibhéal an Aontais.

81 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfaí, i bprionsabal, cosaint a tugadh d'ainm fíona a tharraingt siar, dá bhforáiltear le hAirteagal 50 de Rialachán Uimh. 479/2008 agus sna forálacha atá coibhéiseach leis an Airteagal sin i Rialacháin Uimh. 1234/2007 agus Uimh. 1308/2013, maidir le hainmneacha fíonta a chosnaítear i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999.

82 De bhun an chéad fhomhír d'Airteagal 51(4) de Rialachán Uimh. 479/2008, amhail na forálacha coibhéiseacha i Rialacháin Uimh. 1234/2007 agus Uimh. 1308/2013, eadhon, an chéad fhomhír d'Airteagal 118s(4) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 107(3), faoi seach, ní raibh feidhm ag an bhféidearthacht sin chun cosaint a tharraingt siar maidir le hainmneacha den sórt sin.

83 Mar sin féin, tugadh eisceacht isteach ar an riail sin leis an dara fomhír d'Airteagal 51(4) de Rialachán Uimh. 479/2008, amhail na forálacha coibhéiseacha i Rialacháin Uimh. 1234/2007 agus Uimh. 1308/2013, sa mhéid is go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh, go dtí an 31 Nollaig 2014, ar thionscnamh ón gCoimisiún, an chosaint a dheonaítear do na hainmneacha fíonta cosanta dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Rialachán Uimh. 479/2008 a tharraingt siar mura gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34 den Rialachán sin. Dá bhrí sin, tá reachtóir an Aontais teoranta do chásanna ina bhforáiltear go sainráite don fhéidearthacht ainmneacha cosanta a tharraingt siar a chumhdaítear leis an gcóras idirthréimhseach dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 479/2008.

84 Ós rud é go bhforáiltear leis an gcóras idirthréimhseach sin do leathnú uathoibríoch ar chosaint ainmneacha fíonta a chosnaítear faoi Airteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999 agus ós rud é go rialaítear go sainráite leo freisin na cásanna ina ndéantar na hainmneacha sin a tharraingt siar, ní mór a mheas nach bhfuil feidhm ag Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008 ná ag Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007, ná ag Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013 maidir le coinbhleacht amhail an choinbhleacht a eascraíonn as na príomhimeachtaí.

85 Tá feidhm ag Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008 Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007 agus Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013 maidir le hiarratais ar chosaint faoi réir an chórais nua a bunaíodh le Rialachán Uimh. 479/2008, dá dtagraítear i mír 73 den bhreithiúnas seo, agus ní maidir le hainmneacha fíonta cosanta a aithnítear faoi Rialachán Uimh. 1493/1999. Mar is léir ó theideal na n-airteagal ina bhfuil na forálacha sin, eadhon 'Forais chun cosaint a dhiúltú' nó 'Forais bhreise chun cosaint a dhiúltú,' ní fhoráiltear leis na forálacha sin ach amháin do chás ina ndiúltaítear ainm nua a chlárú mar gheall ar choinbhleacht le trádmharc aitheanta níos luaithe, agus ní do tharraingt siar ainm a cláraíodh cheana faoi Airteagal 54(4) agus (5) de Rialachán Uimh. 1493/1999.

86 Thairis sin, leanann sé ón bhfoclaíocht chéanna den dara fomhír d'Iarscríbhinn VII, F(2) den Rialachán sin go gcumhdaítear leis an bhforáil sin an cás ina bhfuil focail atá comhionann le hainm sa trádmharc aitheanta agus cláraithe le haghaidh fíona nó úrfhíona fíonchaor, trí phrionsabal na comhaireachtála idir an trádmharc sin agus an t-ainm sin a leagan síos, faoi

choinníollacha áirithe. Dá réir sin, mheas reachtóir an Aontais, tráth a glacadh Rialachán Uimh. 1493/1999, go bhféadfaí ainm den sórt sin a chlárú in ainneoin trádmharc aitheanta níos luaithe a bheith ann.

87 Thairis sin, cé, maidir le táirgí talmhaíochta agus táirgí bia, nach raibh Airteagal 14(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle an 14 Iúil 1992 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-tháirgí a chosaint (IO 1992 L 208, lch. 1), nach bhfuil infheidhme maidir le táirgí fíona, ar choinníoll nach raibh sonrúchán tionscnaimh nó tásc geografach le clárú i gcás, i bhfianaise clú trádmhairc, cáil an trádmhairc agus fad a úsáide, go bhféadfaí an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an táirge mar gheall ar an gclárú sin, ní mór a thabhairt faoi deara gur roghnaigh reachtóir an Aontais d'aon ghnó gan foráil chomhchosúil a atáirgeadh i Rialachán Uimh. 1493/1999.

88 Mar thoradh air sin, ní mór coinbhleacht idir ainm fíona faoi chosaint ar leibhéal náisiúnta, cosaint a leathnaíodh go huathoibríoch ina dhiaidh sin, ar leibhéal an Aontais, agus trádmharcanna aitheanta níos luaithe a cláraíodh le haghaidh fíonta, ina bhfuil focail atá comhionann leis an ainm sin, a réiteach trí fhorálacha F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999 a chur i bhfeidhm, ós rud é go raibh sé beartaithe ag reachtóir an Aontais tosaíocht a thabhairt d'ainm den sórt sin thar na marcanna sin, agus foráil á déanamh do chóras comhaireachtála idir an dá cheann.

89 Ba cheart a chur leis freisin nach mór a mheas nach bhfuil tionchar i ndáil leis sin ag forálacha Airteagal 22 de Chomhaontú TRIPS, Airteagal 10a de Choinbhinsiún Pháras agus Airteagal 3a de Chomhaontú Mhaidrid, ar a bhfuil Duca di Salaparuta ag brath agus dá dtagraítear san ordú tarchuir, maidir le cineál na cosanta a líomhnaítear a bheith neamhiomlán le Rialachán Uimh. 1493/1999.

90 De bhun Airteagal 22(1) den Chomhaontú TRIPS, ba cheart 'tásca geografacha' a thuiscint mar thásca lena sainaithnítear táirge mar tháirge de thionscnamh críche Comhalta EDT, nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair ar an gcríoch sin, sa chás gur ar an tionscnamh geografach sin, go bunúsach, is féidir cáil, clú nó saintréith áirithe eile an táirge sin a leagan.

91 Chinn an Chúirt cheana féin, i bhfianaise chineál agus scéim ghinearálta an chomhaontaithe sin, nach bhfuil éifeacht dhíreach ag a fhorálacha. Ní chruthófar cearta leis na forálacha sin do dhaoine aonair, ar féidir leo brath orthu go díreach os comhair na gcúirteanna faoi dhlí an Aontais (breithiúnas an 27 Feabhra 2024, *EUIPO* v *The KaiKai Company Jaeger Wichmann*, C-382/21 P, EU:C:2024:172, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

92 I ndáil le hAirteagal 10a de Choinbhinsiún Pháras, lena gcuirtear toirmeasc, *inter alia*, ar aon ghníomh a d'fhéadfadh mearbhall a chruthú le táirgí iomaitheora, ní mór a mheas go bhfuil na héifeachtaí céanna ag na rialacha a leagtar síos san Airteagal sin agus atá ag na rialacha a eascraíonn as Comhaontú TRIPS. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin go bhfuil na rialacha a leagtar síos le hAirteagail áirithe den choinbhinsiún sin ionchorpraithe i gComhaontú TRIPS, arna thabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2024, *EUIPO* v *The KaiKai Company Jaeger Wichmann*, C-382/21 P, EU:C:2024:172, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear). Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 2(1) den Chomhaontú sin nach mór do Chomhaltaí EDT, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, Airteagail 1 go 12 agus 19 de Choinbhinsiún Pháras a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le Codanna II go IV den Chomhaontú sin, lena gcumhdaítear Airteagail 9 go 62 de.

93 Maidir le Comhaontú Mhaidrid, leanann sé ó Airteagal 3a de go ngeallann na tíortha a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú sin maidir leo úsáid a bhaint, i ndáil le díol, taispeáint nó tairiscint táirgí, as aon fhaisnéis atá de chineál fógraíochta agus a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar an bpobal maidir le tionscnamh na dtáirgí. Ós rud é go bhfuil an fhoráil sin, go bunúsach, inchomparáide le hAirteagal 22 de Chomhaontú TRIPS, ní mór a mheas freisin nach bhfuil aon éifeacht dhíreach aici, agus, dá bhrí sin, nach féidir cearta léi a chruthú ar féidir le daoine aonair brath orthu go díreach os comhair na gcúirteanna faoi dhlí an Aontais.

94 In aon chás, níl na forálacha sin den dlí idirnáisiúnta den chineál a chuirfeadh an chonclúid maidir le cineál iomlán an chórais dá bhforáiltear sa dara fomhír de F(2) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Uimh. 1493/1999 ó bhail.

95 I bhfianaise an mhéid uile roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear nach mór Airteagal 51 de Rialachán Uimh. 479/2008, Airteagal 118s de Rialachán Uimh. 1234/2007 agus Airteagal 107 de Rialachán Uimh. 1308/2013 a léiriú sa chaoi nach bhfuil feidhm ag Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008, Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007 agus Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013 maidir le coinbhleacht idir ainm fíona atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán Uimh. 1493/1999 agus trádmhairc aitheanta níos luaithe le focail atá comhionann leis an ainm sin, ós rud é nach mór coinbhleacht den chineál sin a rialú ar bhonn an dara fomhír d'Iarscríbhinn VII, F(2) den Rialachán deireanach amháin.

Costais

96 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 51 de Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú an fhíonmhargaidh lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1493/1999, (CE) Uimh. 1782/2003, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 3/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2392/86 agus (CE) Uimh. 1493/1999, Airteagal 118s de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcás táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair), arna leasú le Rialachán Uimh. 491/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009, agus Airteagal 107 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

níl feidhm ag Airteagal 43(2) de Rialachán Uimh. 479/2008, Airteagal 118k de Rialachán Uimh. 1234/2007 arna leasú le Rialachán Uimh. 491/2009 agus Airteagal 101(2) de Rialachán Uimh. 1308/2013 maidir le coinbhleacht idir ainm fíona atá faoi chosaint i

gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (CÉ) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagrú an fhíonmhargaidh agus trádmhairc aitheanta níos luaithe le focail atá comhionann leis an ainm sin, ós rud é nach mór coinbhleacht den chineál sin a rialú ar bhonn an dara fomhír d'Iarscríbhinn VII, F(2) den Rialachán deireanach amháin.

[Sínithe]